

# Fulaingt Mháire Uí Chathasaigh agus fimíneacht na sochaí ina leith is mó a léirítear sa dráma An Triail - 2012

Dráma láidir **corrathach** (moving/stirring) é 'An Triail' ina gcuirtear ceisteanna crua faoi shaol agus shochaí na hÉireann i rith tréimhse a raibh **cumhacht na heaglaise i mbarr a réime** (a time when the power of the church was at its height). Is í fulaingt Mháire Uí Chathasaigh mar aon leis an bhfimíneacht a léiríonn an tsochaí ina leith **creatlach** (skeleton) an dráma. Bhí an dá **ghné** (aspect) sin **riachtanach** (necessary) don drámadóir, Mairéad Ní Ghráda chun fírinne na sochaí '**creidiúnach cráifeach**' (religious, pious) a léiriú. Baineann sí leas as carachtar Mháire chun scéalta na mílte cailín a ndearna éagóir orthu sa tréimhse seo a léiriú. Tugann sí léiriú **cuimsitheach** (comprehensive) dúinn sa dráma seo ar an bhfimíneacht a bhí ann go **forleathan** (widespread) i sochaí sna seascaidí i leith máithreacha singile ar nós Máire. **Díríonn sí aird an lucht féachana** (she directs the audiences attention) ar an **deighilt suntasach** (significant divide) idir an Chríostaíocht agus an Charthanacht. **Maíonn** (claim/declare) na carachtair seo gur daoine creidiúnacha, carthanacha, cabhracha iad agus cuireann siad dea-íomha chun cinn sa phobal ach is beag rian den Chríostaíocht a bhíonn le feiceáil sa tsli a gcaitheann siad le Máire in **am a gátair** (time of need). **Déanann siad breitheamh uirthi** (they judge her) agus déanann siad imeallú uirthi - rud a théann go hiomlán i gcoinne soiscéal Eoin 8:7 (John 8:7). Sa deireadh is é scéal truamhéileach, tragóideach Mháire is bun leis an drama - scéal lán le **cruálacht** (cruelty), fulaingt agus pobal fimíneach a bhrú í chun an deiridh.

Baineann Ní Ghráda úsáid as teaghlach Mháire ach go háirithe Bean Uí Chathasaigh chun **leithleas** (selfishness) agus fimíneacht an 'chine cráifeach caitliceach' na seascaidí a léiriú go rí-shoiléir. Is cúis bróin agus náire é go mbuaileann Máire leis an bhfimíneacht sa bhaile. Feictear gurb iad na daoine seo, a muintir féin a chuir go mór le **streachailt** (struggle) agus fulaingt Mháire - is iad a máthair agus a beirt deartháir a chuir an ruaig ar Mháire agus a **thréig** (abandon/desert) í i dtosach. Agus is í an aonaracht seo cinniúint Mháire.

Cuireann Bean Uí Chathasaigh íomha do bhean cráifeach, tiarnúil chun cinn sa phobal – í i gcónaí ag guí agus ag freastal ar Aifrin. Luann Bean Uí Chathasaigh ainm Dé go minic i rith an drama.

Feicimid an teaghlach uilig ar a nglúine ag rá **Choróin Mhuire** (The Rosary). Cé gur bean ‘Chríostúil’ a bhí inti, tá sí lánsásta dul glan in aghaidh rialacha na heaglaise nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil Máire **torrach** (pregnant). Mhol sí do Mháire **ginmhilleadh** (abortion) a bheith aici, cé go bhfuil marú i gcoinne **cleachtas Chríostaíochta** (Christian practises). Níos déanaí thairg sí deoch leighis dá hiníon chun an **ghin** (foetus) a mharú agus í ag déanamh tagairtí d’fhocail Dé ‘ ní haon pheacadh deireadh a chur le rud neamhghlan – rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag duine’. Ní tháispéanann sí aon rian de ghrá, **bhá** (sympathy) ná thrua dá hiníon nó dá **garleanbh** (grandchild). Bean bhréagcráifeach, mhícharthanach, bhí sí níos buartha faoi thuairimí na heaglaise agus na gcomharsan ná cruachás a hiníne. Laistigh de trí radharc, **nochtann** (reveal/expose) sí fíor-nadúr na sochaí Caitliceach sna seascaidí. Tugann na **hidirghníomhachtaí** (interactions) idir Máire agus a máthair **nod** (hint) dúinn faoin méid atá le fulaingt aici [Máire] níos deireanaí. Munar féidir lena máthair féin carthanacht nó trua a thaispeáint di, níl mórán **dóchais** (hope) againn mar lucht féachana go mbeidh an chuid eile den tsochaí níos cineálta léi.

Tugann Séan Ó Cathasaigh, deartháir Mháire léargas suimúil dúinn ar fhimíneacht na hEaglais Caitliceach i leith máithreacha peacúla. Fear a bhí ag dul leis an sagatóireacht ní léiríonn sé ‘carthanacht chríostaí’ dá dheirfiur riamh. **Sceitheann sé uirthi** (snitches on her) dá Mam agus diúltaíonn sé cabhrú leí in **am a gátair** (time of need). Bhi sé den tuairim gur **pheacaigh** (sinned) Máire in aghaidh Dé nuair a d’éirigh sí torrach agus dá bharr ‘ ba choir a bheith dian uirthi’. An **bunús** (basis) don chríostaíocht ná go scaipeann Dia grá/ go bhfuil grá ag Dia do chách (soiscéal Eoin 4:8). Ach ní smaoiníonn Séan ar chúrsaí móraltacha nó mothúchán a dheirfiur, é i bhfad ró-bhuartha faoi thuairimí a **chomrádaithe** (comrades) sa choláiste (Má Nuad –Maynooth). Cuireann easpa láidreachta Shéain le tragóid saol Mháire – gan a **thacaíocht** (support) is tacaíocht Liam bhí sí fágtha ina haonar chun déileáil le cruálachas na sochaí **caolaigeanta** (narrow-minded).

Ní léiríonn ceachtar den triúir ‘Críostaí’ seo **aiféala** (regret/remorse) ar bith ós cóir **uaigh** (grave) Mháire. Is deacair i mbealach creidiúint gur chruthaigh a teaghlach féin an oiread seo pian, deacracht agus fulaingt don chailín óg, **saonta** (naïve) cúthail seo a rinne botún beag amháin.

Tagann an fhimíneacht chun solais arís nuair a fhaigheann Máire fostaíocht le Bean Uí Chinsealaigh. Dúirt an bhean seo go raibh sí uasal agus creidiúnach ach **níor leasc léi** (she was not reluctant) **dúshaothrú** (exploitation) a dhéanamh ar Mháire. Cé gur chuir sí fógra amach ag

lorg ‘cúntóir tíos’ ar cheithre phunt sa tseachtain, thairg sí an post do Mháire gan aon **litir mholta** (reference) ar dhá phunt is deich scilling. Mar a léirigh an aturnae bhí sí lánsásta dul sa tseans agus **coirpeach** (criminal) a bheith aici sa teach ag tabhairt aire dá páistí, ach chomh luath is a fuair sí amach go raibh Máire ag **iompar clainne** (pregnant) teastaíonn uaithi bata agus bóthar a thabhairt di láithreach. ‘Ní fhéadfainn iad a fhágáil i mbaol caidrimh lena leithéid. Cad a déarfadh na comharsana?’ Mar aon le **tromlach** (majority) na gcarachtar eile san dráma seo tuairimí na gcomharsan is mó a bhí ag déanamh buairte di. Níos deireanaí tugann sí cuireadh don **oibrí sóisialta** (social worker) teacht chuig a teach chun deighleáil le fadhb Mháire - is dócha gur bhraith sí go raibh sí carthanach agus cineálta. Ach fulaingíonn Máire arís mar thoradh ar chinneadh Bean Uí Chinsealaigh agus an t-oibrí sóisialta í a sheoladh chuig teach tearmainn, **institiúid neamhpearsanta** (impersonal institution) a ndéanann í a **imeallú** (marginalise/ exclude) níos faide ón sochaí.

Is é Pádraig **bithiúnach** (scoundrel/villain) an dráma **gan amhras** (without doubt) agus is eisean is bun le tragóid agus fulaingt Mháire. Ní féidir a shéanadh ach go bhfeicimid téama na fimíneachta ina charachtar mar tá deighilt ollmhór idir a **phearsa poiblí** (public persona) agus a shaol príobháideach. Is múinteoir pósta creidiúnach é ina shaol poiblí agus tá stádas agus **measúlacht** (respectability) aige sa tsochaí. Ach ina saol príobháideach is fear pósta mídhílis é, a bhaineann úsáid as Máire chun a **dhúil srianta** (licentious lust) féin a shásamh agus ansin a chaitheann ar leath taobh í. Is léir dó gur cailín neamhurchóideach, **goilliúnach** (sensitive) í Máire gan mórán taithí ar an saol agus úsáideann sé an cumhacht atá aige uirthi chun a shlí féin a bheith aige leí. Níos deireanaí tréigeann sé Máire in am a gátair, tar éis do ‘leas’ a bhaint aisti.

Mar thoradh ar seo, rinneadh **dochar dá caidreamh le Dia** (damage her relationship with God) - rud a chur lena fulaingt níos déanaí. Níor ghlac sí leis an **aspalóid** (absolution), rud a bhí an-tromchúiseach do chailín mar í. Níor ghlac sí le **Comaoineach Naofa** (Holy Communion) ach oiread. Chaill Máire a muintir, a baile agus b’fhéidir a creideamh ar son Pádraig, ach ní ghlacann sé le haon píosa den mhilleán cé gurbh é ba chúis leis an trioblóid ó thús an scéil. Mar thoradh air cailleadh beirt chailín gan chúis.

Sa deireadh feiceann Máire **réalaíochas** (reality) sochaí fimíneach, bréagcráifeach na hÉireann agus leithleas na bhfear. Socraíonn sí a leanbh a shábháil ón **gcinniúint** (fate) sin. Cloistear í á rá “Mharaigh mé mo leanbh de bhrí gur cailín í”. Fásann gach cailín suas ina bean. Ach tá m’iníon saor...Ní bheidh sí ina hóinsín bhog ghéilliúil ag aon fhear.” Tá a hiníon saor, is é sin saor ó **fhealltacht** (deceitfulness/treachery) na bhfear. Ní fhulaingeodh sí mar a d’fhulaing a máthair, ná go leor ban eile sa saol seo. D’fhéadfaimis a rá go raibh Máire Ní Cathasaigh chomh cráite ag an bhfimíneacht agus ag an **gclaonadh** (prejudice) seo nár fhéad sí saol a hiníne a shamhlú gan fulaingt ná tragóid.

Is léir go bhfeicimid tréith na fimíneachta go smior sa dráma seo mar aon le fulaingt **leanmhar** (agonizing) an phríomhcharachtair Máire Ní Chathasaigh, a bhí ina **híobartach** (victim) den sochaí agus den tréimhse cruálach seo. .